**Cuntas Leithreasa 2014**

# Vóta 2

# Roinn an Taoisigh

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 2, ceanglaítear orm cuntas leithreasa an Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 ar thuarastail agus chostais Roinn an Taoisigh lena n-áirítear seirbhísí faoi leith atá curtha i bhfeidhm ag an Roinn agus íocaíochtaí deontas agus deontais-i-gcabhair.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2014, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair de chaiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €1.52 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas ar Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh i bhfeidhm agus an cuntas seo á ullmhú.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíocht seirbhíse idir an Roinn seo agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun seirbhísí comhroinnte airgeadais a sholáthar. Ag brath mé ar litir dearbhaithe ón Ard-Rúnaí Gníomhach na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Seo a leanas an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an chreatlach nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta

Cinntíonn an Roinn go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte, seachas I gcás dhá cheann déag conradh ar luach €827,153 a bhí liostáilte i mo thuairisceán maidir le Ciorclán 40/2002. Cuireadh ceithre cinn de na conarthaí seo, ar luach €247,643, san áireamh, ós rud é go ndearnadh tar-rolladh orthu ó bhliain roimhe sin. Cuireadh ceithre cinn eile de na conarthaí seo, ar luach €173,266, san áireamh ós rud é nár fógraíodh iad ar e-tairiscintí agus sháraigh an caiteachas i 2014 €25,000. Baineann dhá chonradh eile, ar luach €259,353, le faisnéis dhílsithe agus le hearraí teicneolaíochta cumarsáide agus bronnadh an dá chonradh eile, ar luach €146,891, gan tairiscint iomaíoch ós rud é gur measadh gurbh iad an réiteach ab éifeachtaí ó thaobh costais de.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Martin Fraser**
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn an Taoisigh

28 Márta 2015

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 2 Roinn an Taoisigh

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 2 Roinn an Taoisigh don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn/hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 2 Roinn an Taoisigh don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Roinn an Taoisigh. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste

16 Meitheamh 2015

# Vóta 2 Roinn an Taoisigh

## Cuntas Leithreasa 2014

| | | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas clár** | | | | | |
| A | Tacú le hobair an Taoisigh agus an Rialtais | | | | |
| | *Bunaidh* | 20,301 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,000 | | | |
| | | | 22,301 | 20,835 | 21,925 |
| | **Ollchaiteachas** | | **22,301** | **20,835** | **21,925** |
| | *Lúide* | | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **878** | **935** | **960** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 19,423 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,000 | | | |
| | | | **21,423** | **19,900** | **20,965** |

**Farasbarr le tabhairt suas**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas le tabhairt suas don Státchiste.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 1,522,914 | 1,182,599 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 11,422 | 11,238 | 11,323 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 385 | 404 | 350 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,072 | 547 | 427 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 360 | 296 | 329 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 960 | 731 | 658 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 264 | 315 | 328 |
| vii | Seirbhísí comhairleacha agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar bheartais | 18 | 15 | — |
| *viii* | *Uachtaránacht an AE* | — | — | *2,030* |
| | | 14,481 | 13,546 | 15,445 |

# Nótaí maidir leis an Ráiteas Leithreasa

## 1 Ráiteas ar an gCostas Oibriúcháin 2014

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas clár | | 7,289 | 6,480 |
| Pá | | 11,238 | 11,960 |
| Neamhphá | | 2,308 | 3,485 |
| **Ollchaiteachas** | | **20,835** | **21,925** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **935** | **960** |
| **Glanchaiteachas** | | **19,900** | **20,965** |
| | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (119) | | |
| Dímheas | 120 | | |
| | | 1 | 39 |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (256) | | |
| Méadú ar stoc | (38) | | |
| | | (294) | 409 |
| **Caiteachas díreach** | | **19,607** | **21,413** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áiteanna eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara ( nóta1.1) | | 4,047 | 4,226 |
| Measchíosanna | | 1,395 | 1,082 |
| **Glanchostas clár** | | **25,049** | **26,721** |

#### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an méid glanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 2, a tabhaíodh in áiteanna eile.

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vote 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 2,663 | 2,455 |
| Vote 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 537 | 710 |
| Vote 20 an Garda Síochána | m | 179 | 190 |
| Vote 24 Dlí agus Cirt agus Comhionannas | m | 117 | 222 |
| Vote 36 Cosaint | m | 58 | 50 |
| Ciste Lárnach: Pinsin Taoisigh agus Aire | | 493 | 599 |
| | | **4,047** | **4,226** |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2014

| | Nóta | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **343** | **344** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 1,173 | 1,431 |
| Stoic | 2.4 | 92 | 54 |
| Réamhíocaíochtaí | | 247 | 147 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.5 | 288 | 72 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **1,800** | **1,704** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 88 | 244 |
| Iarmhéideanna Sochair Eile | 2.6 | 391 | 432 |
| Glandliteanas leis an Státchiste | 2.7 | 1,070 | 1,071 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **1,549** | **1,747** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **251** | **(43)** |
| **Glansócmhainní** | | **594** | **301** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas cistithe an Stáit** | 2.1 | **594** | **301** |

| **2.1 Cuntas Cistithe an Stáit** | **Nóta** | | **2014** | **2013** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 301 | 749 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 21,423 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (1,523) | | |
| Glanvóta | | | 19,900 | 20,965 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áiteanna eile | 1 | | 4,047 | 4,226 |
| Caiteachas neamhairgid - measchíosanna | 1 | | 1,395 | 1,082 |
| Glanchostas clár | 1 | | (25,049) | (26,721) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **594** | **301** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luach amhail an 1 Eanáir 2014 | 2,202 | 573 | 2,775 |
| Breiseanna | 105 | 14 | 119 |
| Diúscairtí | (81) | (1) | (82) |
| Costas nó luach amhail an 31 Nollaig 2014 | 2,226 | 586 | 2,812 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid oscailte amhail an 1 Eanáir 2014 | 1,964 | 467 | 2,431 |
| Dímheas don bhliain | 97 | 23 | 120 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (81) | (1) | (82) |
| Dímheas carntha amhail an 31 Nollaig 2014 | 1,980 | 489 | 2,469 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2014** | **246** | **97** | **343** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2013** | **238** | **106** | **344** |

| **2.3 Banc agus Airgead Tirim** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta agus airgead tirim | 1,149 | 1,242 |
| Cuntas bhainc thráchtála | 24 | 189 |
| | 1,173 | 1,431 |

Cuirtear iarmhéid an chuntais bhainc Thráchtála i láthair ar leithligh agus athaicmítear an figiúr comparáideach Léiríonn iarmhéid an chuntais bhainc Thráchtála €24,000 i 2014 (2013: €189,000) maidir le cuntas bainc thráchtála a fheidhmítear ag an Roinn Dlí agus Cirt-Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais.

| **2.4 Stoic** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Bronntanais | 10 | 9 |
| Stáiseanóireacht | 34 | 3 |
| Foilseacháin | 41 | 41 |
| Ábhar Inchaite. srl. | 7 | 1 |
| | 92 | 54 |

| **2.5 Iarmhéideanna Eile Dochair** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Cuntas fionraí párolla | 209 | — |
| Aisghabháil ar chaiteachas na scéime pas taistil | 74 | 65 |
| Eile | 5 | 7 |
| | 288 | 72 |

| **2.6 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Méideanna dlite don Stát | | |
| Cáin ioncaim | 219 | 196 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 76 | 68 |
| Cáin Bhreisluacha | 5 | 7 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 18 | 15 |
| Fionraí pinsean | 4 | 4 |
| | 322 | 290 |
| Asbhaintí den phárolla a coimeádadh ar fionraí | 68 | 75 |
| Eile | 1 | 67 |
| | 391 | 432 |

| **2.7 Glandliteanas don Státchiste** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | 1,523 | 1,182 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (453) | (111) |
| Glandliteanas don Státchiste | 1,070 | 1,071 |
| | | |
| **Léirithe ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 1,173 | 1,431 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 288 | 72 |
| | 1,461 | 1,503 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (322) | (290) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (69) | (142) |
| | (391) | (432) |
| | | |
| | 1,070 | 1,071 |

| **2.8 Ceangaltais** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Iomlán na gceangaltas infhorghníomhaithe le dlí | 45 | — |

**2.9 Dliteanais Aibithe**

Ní raibh aon dliteanais aibithe gan scaoileadh ag deireadh na bliana 2014 nó sa bhliain roimhe sin.

## 3 Caiteachas Clár de réir Fotheidil

| | | | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| **A** | **Tacú le hobair an Taoisigh agus an Rialtais** | | | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | | 11,422 | 11,238 | | 11,960 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | 3,059 | 2,308 | | 3,485 |
| A.3 | An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (deontas i gcabhair) | | 1,990 | 1,807 | | 1,950 |
| A.4 | Binse Fiosrúcháin (íocaíochtaí leis na hUasail C.J. Haughey agus M. Lowry) | | 1,460 | 3,697 | | 2,513 |
| A.5 | Tionól Bunreachtúil | | 920 | 327 | | 824 |
| A.6 | Rannpháirtíocht an AE | | 250 | 236 | | — |
| A.7 | Pearsanra Éireannach in institiúidí an AE agus idirnáisiúnta | | 1,200 | 644 | | — |
| *A.8* | Coimisiún Imscrúdaithe | | | | | |
| | *Bunaidh* | — | | | | |
| | *Forlíontach* | 2,000 | 2,000 | 578 | | — |
| — | *Reifreann maidir le Deireadh a chur leis an Seanad* | | — | — | | *1,193* |
| | | | 22,301 | 20,835 | | 21,925 |

**Athrúcháin shuntasacha**

San iomlán, bhí an t-ollchaiteachas maidir leis an gclár ní b'ísle ná mar a soláthraíodh. Seo a leanas na hathrúcháin shuntasacha:

| Fo-theideal | Níos lú/ (níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | 751 | Tharla an difear go príomha mar gheall ar ghannchaiteachas i bhfo-cheannteidil (iii) agus (v) mar gheall ar iarchur tionscadail chumarsáide trasroinne de €300,000 agus d'uasghráduithe crua-earraí agus ceadúnaithe de €194,000 go 2015. |
| An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (deontas i gcabhair) | 183 | Ba thearc-chaitheamh ar phá mar gheall go raibh comhalta foirne ar iasacht le roinn Rialtais an phríomhchúis a bhí leis an athraitheas. |
| Binse Fiosrúcháin (Íocaíochtaí leis na hUasail Haughey agus Lowry) | (2,237) | Tharla an difear cionn is go bhfuarthas éilimh ar chostais ionadaíochta dlíthiúla tríú páirtí ar luach €2.5 milliún. Ní hann d'aon teorainn ama le héilimh a chur isteach, mar sin de ní féidir fios a bheith agat roimh réidh cad iad na héilimh a gheofar in aon bhliain ar leith. |
| Tionól Bunreachtúil | 593 | Go déanach i 2013, roghnaigh an Coinbhinsiún ábhair bhreise a mbeadh breithniú le déanamh fúthu i 2014 agus rinneadh buiséadú do bhliain iomlán oibre. Mar a tharla, chuir an Coinbhinsiún Bunreachtúil a chlár iomlán oibre i gcrích faoi earrach 2014. |

| **Fo-theideal** | **Níos lú/ (níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Pearsanra Éireannach in institiúidí an AE agus idirnáisiúnta | 556 | Tharla coigilteas mar gheall ar mhoill maidir le glacadh le dhá phost déag ar iasacht a bhí ceadaithe. Glacadh le ceithre cinn acu sa chéad ráithe, agus glacadh leis an gcuid eile acu sa ráithe deireanach. Bhí na costais do na daoine ar iasacht níos ísle freisin, ós rud é gur íoc an Coimisiún Eorpach, i mórchuid na réimsí a sannadh, as cuid de na costais. Ina theannta sin, bhí na ceapacháin ar iasacht ag struchtúr gráid níos ísle i mórchuid na gcásanna. |
| Coimisiún Imscrúdaithe | 1,422 | Bunaíodh Coimisiún Fennelly ag Ordú Rialtais ar 30 Aibreán 2014 agus leithdháileadh €2 mhilliún trí mheán meastacháin fhorlíontaigh ar 7 Bealtaine. Tar éis don Choimisiún tosú ar a chuid oibre, ba léir go raibh a chuid riachtanas iarbhíre i 2014 níos lú ná mar a measadh an chéaduair, m.sh. costais ghinearálta i roinnt réimsí, lena n-áirítear costais fhoirnithe, táillí dlíthiúla, agus bhí na costais TE agus riaracháin ghinearálta níos lú ná mar a measadh an chéaduair. |

# 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí i gcabhair** | | **2014** | | **2013** |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Ilghnéitheach | 66 | 128 | 91 |
| 2. | Fáltais ó asbhaint um pinsean as luach saothair seirbhíse poiblí | 812 | 807 | 869 |
| | **Iomlán** | **878** | **935** | **960** |

# 5 Líon Fostaithe agus Pá

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) **ag deireadh na bliana** | 214 | 201 |

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 12,263 | 11,744 |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta agus dualgais bhreise | 341 | 375 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 365 | 464 |
| ÁSPC Fostóra | 803 | 751 |
| **Pá iomlán** | **13,772** | **13,334** |

Áirítear san anailís thuas foireann neamhroinne a ghearrtar go A.1 agus fo-cheannteidil eile.

Cuimsíonn figiúirí 2014 sa chlár thuas foireann ón Roinn (183), an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta (CNES) (17), an Tionól Bunreachtúil (1), Coimisiún Fennelly (1) agus Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht (12)

Áirítear sna sonraí thuas íocaíochtaí go háisínteacht earcaíochta maidir le soláthar rúnaí dlí do Bhinse Moriarty.

### 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht Aonair | Uasíocaíocht Aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2014 | 2013 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta agus dualgais bhreise | 39 | 14 | 20,614 | 26,940 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 69 | 9 | 21,737 | 27,351 |

Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin.

Fuair daoine aonair áirithe san NESDO liúntas de 16.67% dá dtuarastal in áit an ranníocaíochtaí pinsin.

### 5.2 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair

Rinneadh íocaíochta ex-gratia de €29,698 (2013: €29,698) maidir le sochar comhaontaithe scoir d'iar-fhostaí amháin.

### 5.3 Ró-íocaíochtaí párolla

Bhí gan íoc ar deireadh nab liana an t-iarmhéid de ró-íocaíochtaí párolla €13,080 (2013: €6,623).

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Coimisiúin agus Fiosrúcháin

**Coimisiún, Coiste nó Fiosrúchán Speisialta**

| | Bliain an cheaptha | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Binse Fiosrúcháin II (Íocaíochtaí leis an Uasal Haughey agus leis an Uasal Lowry) | 1997 | 3,697 | 2,513 |
| Coimisiún Imscrúdaithe (Fennelly Commission) | 2014 | 578 | — |

Ba é an caiteachas carnach suas go deireadh Mhí na Nollag 2014 ná €50.8 milliún.

Déanfar tuilleadh íocaíochtaí i dtaca leis an mBinse Fiosrúcháin seo. Ní féidir na costais deiridh a dheimhniú ag an bpointe seo.

Baineann an coimisiún Fiosrúcháin le Coimisiún Fennelly a bunaíodh ag Ordú Rialtais ar 30 Aibreán 2014 le ceisteanna áirithe a fhiosrú a bhaineann leis an nGarda Síochána agus le dreamanna eile.

San iomlán leithdháileadh €2 mhilliún ar an bhfo-cheannteideal seo i 2014 tar éis meastacháin fhorlíontaigh ar 7 Bealtaine. Tar éis iarratais fhoirmeálta ó Choimisiún Fennelly faoi Alt 6(6) den Acht um Choimisiúin Fhiosrúcháin 2004, shínigh an Taoiseach an creat ama a bheadh ag an gCoimisiún le tuairisc a thabhairt ó dheireadh 2014 go 31 Nollaig 2015.

### 6.2 Bronntanais Oifigiúla

Tá suim de €3,028 san áireamh sa chuntas a úsáideadh chun bronntanais a cheannach le tíolacadh ag, nó thar ceann an Taoisigh agus Airí Stáit in 2014 (2013: €9,053).